Páipéar samplach 3

Cuid A

An chéad chainteoir

Haigh, a chairde. Peadar Ó Seachnasaigh ag caint libh. Tá mé ar mo bhealach go dtí an t-aerfort mar beidh mé ag dul go dtí an Bhruiséil ar ball. Tá cónaí ar mo thuismitheoirí ansin. Is as Contae Chiarraí iad ach tá teach tábhairne acu sa Bhruiséil. Is é 'An Ghloine Lán' an t-ainm atá air. Freastlaím ar scoil chónaithe anseo in Éirinn. Imrím rugbaí agus cruicéad agus is é Brian O'Driscoll an réalt spóirt is fearr liom.

An dara cainteoir

Cén chaoi bhfuil sibh? Deirdre Ní Cheallaigh is ainm dom. Is as Cathair na Mart i gContae Mhaigh Eo mé. Tá mo thuismitheoirí scartha agus cónaím le mo mháthair. Téim ar cuairt chuig m'athair i Londain gach Nollaig agus gach samhradh. Tá deirfiúr amháin agam. Áine is ainm di. Tá sí ag déanamh Leighis in Ollscoil na Gaillimhe. Is í Eibhlín Nic Pháidín an cara is fearr atá agam. Téimid gach áit le chéile.

Cuid B

Fógra

Fáilte romhaibh isteach chuig 'Camchuairt' ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. I dtús báire fógra práinneach anseo ó na Gardaí. Iarrtar ar thiománaithe a bheith fíor-chúramach ar bhóthar na Gaillimhe, lasmuigh den Spidéal. Tá sileadh aoile ansin ar feadh ceithre mhíle. Caithfidh tiománaithe dul go mall mar tá an bóthar ansin dáinséarach. Chomh maith leis seo, tá taobh clé an bhóthar ag dul i dtreo na cathrach dúnta ar feadh leath mhíle. Bígí aireach má tá sibh ag dul an treo sin.

Píosa nuachta

Níor bhuaigh Mickey Harte an Comórtas Eorafíse sa bhliain 2003 ach bhuaigh sé croíthe idir óg agus aosta nuair a ghlac sé páirt i gceolchoirm na Nollag sa chlinic lárnach i gCluain Tarbh. Bhí breis agus 100 páiste ón gclinic i láthair ar an oíche. Chan siad gach amhrán in éineacht le Mickey. Buaileann ceoltóirí agus amhránaithe na tíre isteach sa chlinic go minic chun siamsaíocht a chuir ar fáil do na páistí a bhíonn ag freastal ar an gclinic.

Cuid C

Comhrá a haon

Róise: Hello, a Chiara. Róise de Buitléir anseo.

Ciara: 'Dé do bheatha, a Róise. Goidé mar atá tú? Chuala mé go raibh tú san ospidéal.

Róise: Tháinig mé abhaile arú inné agus tá mé ag dul i bhfeabhas diaidh ar ndiaidh.

Ciara: Buíochas le Dia. Inis dom, mura miste leat, goidé go díreach a bhí cearr leat?

Róise: Bhí fadhb bheag agam le mo scámhóga. Deir na dochtúirí gur fhás mé ró-thapa.

SOS

Ciara: Cén airde tú anois, a Chiara*?

Róise: Timpeall sé throigh agus trí orlach.

Ciara: Cén uair a bheidh tú ar ais sa chlub? Chailleamar go leor cluichí gan tú.

Róise: Chuir na dochtúirí comhairle orm gan imirt ar feadh míosa.

Ciara: Dá luaithe is ea is fearr é, a Róise. Buailfidh mé isteach chugat amárach.

Róise: Táim ag dréim go mór len tú a fheiceáil, a Chiara. Slán anois.

Comhrá a dó

Príomhoide: Anois, a Sheáin. Inis dom cén fáth an bhfuil tú anseo in oifig an phríomhoide.

Seán: Cuireadh as an rang mé agus dúradh liom teacht chugatsa.

Príomhoide: Curtha as an rang? Caithfidh go raibh tú an-dána ar fad.

Seán: Bhuail mo fhón póca go hard le linn an ranga.

Príomhoide: Ar bhuail anois? Tuigeann tú na rialacha, a Sheáin. Tabhair dom an fón, le do thoil.

SOS

Seán: Ach beidh mo mháthair ag glaoch orm ag am lóin.

Príomhoide: Freagróidh mé é agus inseoidh mé di cad a tharla.

Seán: Ná déan, le do thoil. Beidh mé i dtrioblóid cheart má chloiseann m'athair faoi.

Príomhoide: 'Sé an trua nár smaoinigh tú air sin agus nár mhúch tú an fón nuair a tháinig tú isteach doras na scoile ar maidin. Anois, tabhair dom an fón, le do thoil. Fan siar tar éis na scoile tráthnóna amárach.

Seán: Tá an-bhrón orm faoi seo, a mháistreás.

* Rinneadh botún sa chomhad fuaime anseo. Ba chóir 'Róise' a bheith ann, seachas 'Ciara'